# CAIBIDIL 13

## AN DEALBHÓIREACHT RÓMHÁNÚIL

### Athrú ó bhonn

An fhorbairt ba thábhachtaí a tháinig ar an ealaín sa ré Rómhánúil ná gur tháinig dealbhóireacht mhaisiúil ar fhoirgnimh go mór i bhfaisean arís.

I dtús na Meánaoiseanna, bhí amhras ar dhaoine faoin dealbhóireacht chlasaiceach, go háirithe faoi dhealbha saorsheasaimh na ndéithe págánacha. Tháinig athrú air sin, áfach, nuair a d'aithin uaisle na Fraince mar shaothair ealaíne iad, agus nuair a chuir siad dealbha Rómhánacha ar taispeáint ina gcaisleáin féin.

Ba iad dealbhóirí Cluny ba thúisce a thug faoin dealbhóireacht a fhí leis an ailtireacht. Den chéad uair ó aimsir na Róimhe, bhí deilbh an duine á léiriú in ealaín an iarthair, agus níorbh fhada gur scaip an nós sin i measc eaglaisí oilithreachta eile.

### Briathar Dé a theagasc

Bealach den scoth chun briathar Dé a scaipeadh ba ea dealbhóireacht ailtireachta. Ní raibh léamh ná scríobh ag formhór an phobail, ach d'fhéadfaí scéalta Íosa agus na naomh a 'léamh' agus a athléamh i ndealbhóireacht na séipéal. I gcásanna áirithe, rinneadh aghaidheanna Rómhánúla a bhunú ar stuanna bua de chuid na Róimhe. Cuireadh dealbha lánmhéide de na naoimh ar dhá thaobh an dorais. Den chuid is mó, áfach, ba é Dia an tAthair agus Lá an Bhrátha a bhí á léiriú sa dealbhóireacht. Radhairc lán de scéin agus de dhrámaíocht a bhí san ealaín úr, iad cóirithe ar leacht mhór an tiompáin (leacht leathchiorclach) os cionn doras an tséipéil. Sa tslí sin, d'fheicfeadh an t-oilithreach an dealbhóireacht ar a bhealach isteach dó.

### An bás agus an ealaín arrachtach

Bhí tuiscintí faoi leith ag an bpobal ar an mbás le linn na Meánaoiseanna. De réir na Críostaíochta, ní raibh sa bhás ach an chéad chéim ar bhóthar na síoraíochta. Duine ar bith a bhí ag saothrú an bháis, chaitheadh sé dul i ngleic leis an gceist mhór – an ndéanfadh Dia trócaire air, nó arbh iad pianta Ifrinn a bhí i ndán dó (fíor 13.2, fíor 13.3)?

Ní haon iontas, mar sin, go raibh an bás chomh lárnach sin san ealaín . Chreid an pobal i nDia go glan. Ar an mbealach isteach sa séipéal dóibh, ba é an chéad rud a d'fheicidís, íomhánna de Dhia an Díolaí agus de Lá an Bhreithiúnais Dheireanaigh. Bhí na harrachtaigh, na deamhain agus na hanamacha i bpurgadóir ann rompu le meabhrú dóibh a bheith ag faire i gcónaí ar lá an bháis trí aithrí a dhéanamh ina gcuid peacaí.



Fíor 13.1 Doras Eaglais Mhainistir Saint Gilles, An Fhrainc



Fíor 13.2 Bás Dives



Fíor 13.3 Bás Lazaras

## Íomhánna teibí

Ealaín sách teibí ba ea an ealaín Rómhánúil agus gan rian ar bith den réalachas uirthi. Bhí sé sin fíor i gcás na ndeamhan agus na neacha fantaisíochta, dar ndóigh, ach bhí sé fíor freisin i gcás deilbh an duine. Níor fhéachadh le Dia ná na naoimh féin a léiriú ar bhealach nádúrtha. Ina ionad sin, bhí siad urrúnta, maorga, neamhréadúil. É sin nó neacha aduaine ba ea iad, a gcuid géag is fallaingeacha fada ina slaoda ealaíonta.

## An dealbhóireacht ar na heaglaisí Rómhánúla

Faightear cuid den dealbhóireacht Rómhánúil is breátha in ardeaglaisí Naomh Máire Mhaigdiléana i Vézelay agus Saint Lazare in Autun, idir na tiompáin agus mhullaigh na gcolún.

### Naomh Máire Mhaigdiléana i Vézelay

Taobh istigh den tairseach thiar agus os cionn doras an nairtéacs (bealach isteach nó póirse seachtrach), feictear tiompán mór (fíor 13.4) na Cincíse (nuair a sheol Críost an Spiorad Naomh i bhfoirm lasracha tine ar na deisceabail). Is é Críost a fheictear i lár an tiompáin, *mandorla* (luan ubhchruthach) mórthimpeall ar a cheann agus an dá lámh sínte amach aige mar cheiliúradh ar an aiséirí. Tá sé ollmhór agus tá cuma na dea-mhéine air. Seolann sé an Spiorad Naomh ar na haspail i bhfoirm lasracha tine, iad á neartú chun briathar Dé a scaipeadh ar na náisiúin uile atá le feiceáil ag bun agus barr an tiompáin.

### Na mullaigh snoite i gcorp na heaglaise

Cérbh iad féin, na dealbhóirí a shnoigh íomhánna na naomh, na n-aingeal agus na ndeamhan ar mhullaigh na gcolún, i gcorp na heaglaise i Vézelay? Ní fios, mar nár cuireadh aon ainm leo. Léiríonn go leor de na híomhánna an dúil Rómhánúil san arrachtas, ach tá mullach amháin de chuid na heaglaise ina rí orthu go léir agus sin é an ceann is cáiliúla ar fad: An Muileann Misteach. Maois atá á léiriú ag an ealaíontóir, é ag doirteadh gráin isteach sa mhuileann agus an plúr á chruinniú ag Naomh Peadar. Is ionann an grán agus dlí Maoise; siombail ar Chríost is ea an muileann féin (fíor 13.5).



Fíor 13.4 An Tiompán in eaglais Naomh Máire Mhaigdiléana i Vézelay



ART-APP(ch 11-16).indd 210 13/11/2013 21:09



FÍOR 13.5 An Muileann Misteach

## Saint Lazare in Autun

### An Tiompán

Isteach faoin tiompán mór (fíor 13.6) tríd an doras thiar a shiúladh na hoilithrigh agus iad ag dul isteach in eaglais Saint Lazare in Autun. Fad a bhí na céimeanna á ndreapadh acu, bhí sé i gceist go n-ardódh an radharc drámata croí an fhiréin ach go gcuirfeadh sé sceon ar an bpeacach. Is dócha gurb é Meá na nAnamacha an radharc is cáiliúla den Bhreithiúnas Deireanach dá bhfuil againn ón Ré Rómhánúil, go háirithe mar go bhfuil síniú an dealbhóra leis.

### An Breithiúnas Deireanach

Is é Críost ollmhór atá le feiceáil i lár an tsaothair agus é ina shuí go fuarchúiseach i ríchathaoir a ghlóire. Éiríonn anamnacha na marbh aníos as a gcuid uaigheanna ar a láimh dheis agus ar a láimh chlé, an trumpa deireanach á shéideadh ag na haingil. Cuireann Naomh Peadar, fear na heochrach, fáilte roimh na tofaigh, ach déanann na deamhain arractacha an dream mallaithe a tharraingt isteach i bpionós síoraí.

Ar an bhfardoras faoi chosa Chríost, feictear roinnt oilithreach. Is ríléir gur thugadar cuairt ar Santiago de Compostela agus ar Iarúsailéim ach breathnú ar a gcuid málaí. Sliogáin agus cros is ea siombail an dá ionad faoi seach (fíor 13.7).

### Meá na nAnamacha

Ar an bhfardoras faoi chosa Chríost ar chlé, tá an dream mallaithe lomnocht, iad á ndíbirt go hIfreann ag aingeal an chlaímh. Taispeántar créatúr cráite ina measc, é i ngreim dhá lámh ollmhóra (fíor 13.8). Léirítear na peacaí éagsúla anseo – sprionlaitheoir na málaí móra airgid agus an banadhaltrach á chnaí ag na nathracha. Os a gcionn ar fad, meánn Micheál Ardaingeal na hanamacha go fuarchúiseach fad a théann



FÍOR 13.6 Tiompán Autun: Meá na nAnamacha







ART-APP(ch 11-16).indd 211 13/11/2013 21:09



FÍOR 13.7 Mionpháirt den tiompán: oilithrigh

daoine i bhfolach faoina fhallaing, iad ag crith le heagla. Déanann deamhan arrachtach iarracht ar an meá a tharraingt anuas agus suíonn deamhan eile isteach ann chun cur leis an meáchan. Seolann deamhan eile fós na drochdhaoine síos an sleamhnán go béal leata Ifrinn agus na tinte. Tá sé ag gáire leis.



FÍOR 13.8 Mionpháirt den tiompán: anamacha á mea

### Gislebertus

B'annamh a shíníodh an t-ealaíontóir obair den chineál sin, ach b'amhlaidh gur nocht dealbhóir Autun a ainm don saol. Faoi chosa Chríost atá a shíniú le feiceáil – GISLEBERTUS HOC FECIT (Gislebertus a rinne) (fíor 13.9).



FÍOR 13.9 Mionpháirt den tiompán: GISLEBERTUS HOC FECIT

Is eol dúinn gur cuireadh oiliúint ar Gislebertus in Cluny agus creidtear gur oibrigh sé ina chúntóir in Vézelay. Faoin am ar tógadh eaglais Autun, bhí sé ina ealaíontóir críochnaithe agus ba é Meá na nAnamnacha buaic a shaothair. A stíl féin agus a stíl féin amháin atá sna coirp fhada agus sna dreacha lán drámaíochta a chruthaíonn sé.

Is cinnte go músclaíodh drámatacht agus ollmhéid an phíosa eagla agus sceon i gcroí géilliúil an oilithrigh, go háirithe nuair a chuimhnímid nach lom a bhí na radhairc an uair sin ach lándaite. Riamh cheana, ní fhacthas léiriú chomh scáfar leo. Bhí luí ag Gislebertus leis an uafás, mar a bhíonn ag gach scéalaí maith, is dócha. Agus bhraithfeá ar an bpíosa gur thug sé an-sásamh dó an taobh uafar de scéal an Bhreithiúnais a chur os comhair na n-oilithreach.

### Mullaigh snoite in Autun

Gislebertus é féin a shnoigh na mullaigh ar phiaraí taca na hardeaglaise. Léiríonn na mullaigh sin freisin go raibh bua an tsnoíodóra agus an scéalaí go láidir ann. Díol suntais faoi leith is ea colúin na córlainne. Éiríonn leis duilliúr mín maisiúil a fhí isteach go paiteanta leis na fíoracha. Thar aon ní eile, cuireann Gislebertus roimhe scéal a aithris agus é a aithris ar bhealach sothuigthe.



ART-APP(ch 11-16).indd 212 13/11/2013 21:09

## Ag teacht slán trí Réabhlóid na Fraince

Loiteadh nó scriosadh go leor tiompán le linn Réabhlóid na Fraince agus is maith mar ar tharla an ceann seo slán. Tharla gur ghlac an eaglais col ina aghaidh íomhánna arrachtacha na ré Rómhánúla. Measadh go raibh siad neamhoilte agus ábhairín gráisciúil. Sa bhliain 1766, clúdaíodh dealbhóireacht an tiompáin le plástar tiubh agus péinteáladh gréas níos comhaimseartha os a chionn.

Mhair an píosa féin slán dá bharrsan ach níorbh amhlaidh an scéal i gcás nithe eile de chuid na heaglaise. Rinne na réabhlóidithe smionagar den tiompán a bhí os cionn an dorais thuaidh. Breis agus seachtó bliain ina dhiaidh sin, thángthas ar an tiompán thiar athuair, nuair a thosaigh duine de na sagairt ar an bplástar a scealpadh de. Bhí iontas an domhain air nuair a chonaic sé an tiompán bunaidh, é nach mór slán. Tharla go raibh cloigeann Chríost le feiceáil ag gobadh amach as an bplástar, aimsir na Réabhlóide. Scoitheadh ón tiompán é, dá bhrí sin, agus caitheadh é ar leataobh. Coinníodh an cloigeann slán i mbailiúchán ar feadh na mblianta go dtí gur bronnadh ar an iarsmalann áitiúil é. Cuireadh an cloigeann ar ais ina ionad ceart sa tiompán in 1948.



Fíor 13.10 Anbhás Iúdáis

## Anbhás Iúdáis

Thit Iúdas in éadóchas tar éis éis an bhraith agus chroch sé é féin as crann. San insint seo ar an scéal, is iad na deamhain uafara a tharraingíonn an rópa. Cuirtear gach gné d'anbhás Iúdáis ina luí ar an mbreathnóir. Tá a theanga ag sileadh thar a bhéal agus a chloigeann mar a bheadh sé ag síneadh siar is aniar. Is mór idir uafás an radhairc chéanna agus áilleacht ornáideach an chrainn. Luíonn na trí fhíor isteach go paiteanta le déanamh an mhullaigh.

## Brionglóid na dtrí Ríthe

Radharc lom éifeachtach is ea ceann aoibhinn na dTrí Ríthe. Tá a gcuid corónacha á gcaitheamh ag an triúr, iad ina gcodladh go sámh faoi bhrat álainn leathchiorclach. Leagann an t-aingeal a méar go mánla ar dhuine de na Ríthe. Osclaíonn sé leathshúil, agus díríonn an t-aingeal a aire ar an réalta. Meabhraíonn an réalta sin réalta Bheithil dúinn, ach, is ar mhaithe le hiad féin a choinneáil slán ó Héaród an lóchrann seo (fíor 13.11).



Fíor 13.11 Brionglóid na dtrí Ríthe

## An teitheadh don Éigipt

Fógraíodh don teaghlach naofa go raibh Héaród ar thóir an linbh Íosa chun é a mharú, agus theith siad don Éigipt ar muin asail. Tá Iósaef ina shuí chun tosaigh. Is ionann glúin Mhuire agus ríchathaoir Chríost an leanbh. Cuma mhaorga, shollúnta atá ar an teaghlach féin ach scéal eile is ea an t-asal. Léirítear an t-ainmhí ar bhealach an-nádúrtha. Is cinnte go bhfuil sé sona sásta agus déarfá go raibh iarracht den gháire féin air (fíor 13.12).



Fíor 13.12 An Teitheadh don Éigipt

## Aimsítear Santiago

Tar éis chéasadh Chríost, chuaigh Naomh Séamas, duine dá chuid aspal, chun na Spáinne ar mhaithe le briathar Dé a scaipeadh. D'fhill sé ar Iarúsailéim ina dhiaidh sin, agus lean sé air ag baisteadh na nGiúdach cé gur chros Héaród (Agrippa), Rí Iúdáia, air é sin a dhéanamh. Ar deireadh thiar, dícheannadh é ar ordú an rí – ba é an chéad mhairtíreach i measc na n-aspal é. Ceaptar gur thug lucht leanúna an aspail a chorp ar ais leo chun na Spáinne. Tar éis dóibh teacht i dtír sa Ghailís in oirthuaisceart na Spáinne, rinne siad é a adhlacadh i ngort.



San 11ú aois, bhí an scéal amuigh gur tháinig aingil chuig díthreabhach le hinsint dó faoi thuama Shéamais sa Ghailís. Thug easpag an cheantair a phobal amach chun an tuama a chuardach. Lean siad réalta nó gile aduain sa spéir go dtí gur tháinig siad ar thuama ársa marmair faoi cheilt sna driseacha tiubha.

Tugadh aitheantas do thaisí an choirp mar thaisí Naomh Séamas agus, nuair a thóg Rí na Gailíse eaglais ar an láthair, tugadh Santiago de Compostela (Sanctus Iacobus de Campo Stellae nó Naomh Séamas Pháirc na Réalta) uirthi (fíor 13.13). Níorbh fhada go raibh an tuama mar aon leis an eaglais ar an ionad oilithreachta ba cháiliúla ar fad de chuid na meánaoiseanna.



Fíor 13.13 Santiago de Compostela

ART-APP(ch 11-16).indd 214 13/11/2013 21:09

## Cluny

Bunaíodh mainistir Cluny in 910 mar phríomháras an oird Bheinidictigh agus bhí nasc láidir aici leis an bPápacht. Nuair a tógadh Cluny III in 1095, bhí sí ar an eaglais ba mhó sa Domhan Críostaí (agus mhair sí amhlaidh go dtí gur tógadh Baisleac úr Naomh Peadar sa Róimh sa 16ú haois). Nuair a choisric an Pápa an mhainistir in 1130, bhí cúig altóir, nairtéacs (an bealach isteach nó an póirse seachtrach) agus go leor túr san eaglais nua. Áiríodh an eaglais féin i measc iontais na meánaoiseanna, bhí an dealbhóireacht chomh niamhrach sin. Le linn Réabhlóid na Fraince, scriosadh Cluny a bheag nó a mhór ina iomláine mar gheall ar an nasc seanbhunaithe a mhair idir í féin agus an uaisleacht. Díoladh an mhainistir ina cairéal cloiche agus sracadh as a chéile í thar thréimhse 20 bliain.

Maireann túr amháin slán fós, áfach agus rinneadh atógáil ar an staighre maorga a thugann a fhad leis an bpríomhdhoras muid. Thángthas ar bhun na gcolún sa nairtéacs fairsing ach ní hann níos mó do chorp iomlán na heaglaise rímhaorga seo (fíor 13.14).

## Solas an tsaoil

Institiúidí neamhspleácha ba ea formhór na mainistreacha, go dtí gur tháinig Cluny ar an bhfód. B'amhlaidh gur oibrigh os cionn 2,000 mainistreacha i gcomhpháirt le Cluny. Bhí rath iontach ar Cluny féin de bharr na gcomharbaí sárchumasacha a líon post an Aba thar na blianta. Fir léannta de shliocht na dteaghlach b'uaisle ba ea iadsan, agus mar chinnirí ar olleagras mainistreach, bhí siad chomh cumhachtach leis an bPápa féin nach mór. Bhí ceathrar acu ina bPápaí iad féin ina dhiaidh sin, agus in 1098, dúirt an Papa Urbanus (a bhain le Cluny é féin) gurb ionann Cluny agus 'solas an tsaoil'.



Fíor 13.14 Dearadh de Cluny (ar chlé) agus grianghraf de Cluny anois (ar dheis)

## Críoch

Ba dhlúthchuid de bhundearadh foirgnimh an dealbhóireacht ailtireachta, agus bhí feidhm teagaisc aici. Is mórshaothair ealaíne astu féin iad go leor de na radhairc a bhaineann léi agus is mó a dtábhacht ná a maise.







ART-APP(ch 11-16).indd 215 13/11/2013 21:09

**Ceisteanna**

1. Cén t-athrú san ealaín a rinne an dealbhóireacht chloiche sa ré Rómhánúil agus cén fáth gurbh athrú í?
2. Cén fheidhm a bhí ag an dealbhóireacht Rómhánúil don phobal?
3. Ainmnigh cuid de na téamaí a léiríodh sa dealbhóireacht Rómhánúil.
4. Cuir síos ar stíl na dealbhóireachta Rómhánúla.
5. Scríobh alt gearr ar an ngaol idir an dealbhóireacht agus an ailtireacht san eaglais Rómhánúil.

**Staidéar ar phictiúir dhaite**

1. Scrúdaigh radharc an Bhreithiúnais Dheireanaigh ar thiompán Sainte-Foy de Conques (fíor 13.6), Meá na n-Anamacha ar thiompán Saint Lazarein Autun (fíor 13.8) agus radharc na Cincíse ar thiompán Bhaisleac Naomh Máire Mhaigdiléana i Vézelay (fíor 13.4). Déan comparáid idir an stíl agus na híomhánna a fheictear sna radhairc éagsúla sin agus déan cur síos ar na modhanna a d'úsáid na healaíontóirí chun na scéalta a chur in iúl.
2. Scrúdaigh na mullaigh seo a leanas in Ardeaglais Saint Lazare in Autun.
   - Anbhás Iúdáis (fíor 13.10)
   - Brionglóid na dTrí Ríthe (fíor 13.11)
   - An Teitheadh don Éigipt (fíor 13.12)

   Déan pictiúir díobh agus cuir síos ar gach ceann. Rianaigh na modhanna a d'úsáid an t-ealaíontóir agus na radhairc á suíomh i spás teoranta aige. Mínigh an chaoi a dtugann sé croí chomh maith le héirim na scéalta leis.



ART-APP(ch 11-16).indd 216 13/11/2013 21:09